2025/69

13.1.2025

CINNEADH (CBES) 2025/69 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 8 Eanáir 2025

maidir le ceann an aonaid ceannais agus tacaíochta míleata de chuid Thionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh a cheapadh mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine (EUSDI/1/2025)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2023/1599 ón gComhairle an 3 Lúnasa 2023 maidir le Tionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine ([1]), agus go háirithe Airteagal 3 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 3(1) de Chinneadh (CBES) 2023/1599, d'údaraigh an Chomhairle an Coiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chonradh, na cinntí ábhartha a dhéanamh chun rialú polaitiúil ar Thionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine ('an Tionscnamh'), agus chun go dtabharfaí treoir straitéiseach don Tionscnamh sin, lena n-áirítear na cinntí maidir le ceann an aonaid ceannais agus tacaíochta míleata a cheapadh.

(2) An 23 Bealtaine 2024, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2024/1494 ([2]) lena gceaptar an Coirnéal Sergio PUEBLA GARCÍA mar cheann an aonaid ceannais agus tacaíochta míleata de chuid an Tionscnaimh ón 15 Eanáir 2024 go dtí an 14 Iúil 2024.. Níor cheap an Coiste Polaitiúil agus Slándála ceann aonad ceannais agus tacaíochta míleata an Tionscnaimh ón 14 Iúil 2024.

(3) An 25 Samhain 2024, mhol údaráis na Spáinne an Captaen Francisco Javier LÓPEZ FUSTER a cheapadh mar cheann an aonaid ceannais agus tacaíochta míleata de chuid an Tionscnaimh ón 15 Eanáir 2025 ('an ceapachán molta').

(4) An 2 Nollaig 2024, thacaigh Ceannasaí Míleata cholún míleata an Thionscnaimh leis an gceapachán molta sin.

(5) An 6 Nollaig 2024, d'aontaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh a mholadh go bhformheasfadh an Coiste Polaitiúil agus Slándála an ceapachán molta sin.

(6) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an gCaptaen Francisco Javier LÓPEZ FUSTER a cheapadh.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar an Captaen Javier LÓPEZ FUSTER mar cheann an aonaid ceannais agus tacaíochta míleata de chuid Thionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine ón 15 Eanáir 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 15 Eanáir 2025.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Eanáir 2025.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

An Cathaoirleach

D. PRONK

([1]) IO L 196, 4.8.2023, lch. 25, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1599/oj.

([2]) Cinneadh (CBES) 2024/1494 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 23 Bealtaine 2024 maidir le Ceann an aonaid ceannais agus tacaíochta míleata de chuid Thionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh a cheapadh mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine (EUSDI) (EUSDI/1/2024) IO L, 27.5.2024 ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1494/oj.